



An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025  
(OR. en)

7018/1/25  
REV 1

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0058(COD)

---

---

ENV 146  
CODEC 249

## TOGRA

Uimh. an doic. ón  
gCoim.: COM(2025) 106 final/2

Ábhar: Togra le haghaidh  
TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE  
lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le  
stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 106 final/2.

Faoi iamh: COM(2025) 106 final/2



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2025  
COM(2025) 106 final/2

2025/0058 (COD)

**CORRIGENDUM:**

This document corrects document COM(2025)106 final of 07.03.2025

The interinstitutional reference was not available at the correct place. All languages are concerned.

The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta  
an mhic tíre (*Canis lupus*)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An 6 Nollaig 2024, ghlac Buainchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádurtha na hEorpa (Coinbhinsiún Bheirn) togra an Aontais Eorpaigh chun stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*) a athrú tríd an speiceas a aistriú ó Fhoscríbhinn II (speicis fána faoi dhianchosaint) go Foscríbhinn III (speicis fána faoi chosaint).

Tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm 3 mhí ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17 de Choinbhinsiún Bheirn. Tar éis dó teacht i bhfeidhm agus chun an t-athrú sin a thrasú faoi Choinbhinsiún Bheirn, is gá iarscríbhinní Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (an Treoir maidir le Gnáthóga) a leasú trí thagairt do na speicis a aistriú ó Iarscríbhinn IV den Treoir go hIarscríbhinn V.

### 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina leagtar amach an chaoi ar cheart na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 191 den Chonradh a chur chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Chun na hathruithe faoi Choinbhinsiún Bheirn a thrasú i reachtaíocht an Aontais, is gá an Treoir maidir le Gnáthóga a leasú, atá ar cheann de na príomhionstraimí chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme. Comhlíonann an leasú spriocdhírthe sin na ceanglais choimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Ní bhaineann an leasú atá beartaithe ach amháin le héifeachtaí chinneadh Bhuanchoiste Choinbhinsiún Bheirn stádas cosanta an mhic tíre a athrú. Dá bhrí sin, tá an togra seo teoranta go docht do na hathruithe ar an Treoir maidir le Gnáthóga lena dtugtar éifeacht don chinneadh sin ar leibhéal an Aontais. Le bheith beacht faoi, is leasú teoranta spriocdhírthe é ar Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V, a bhaineann leis an mac tíre amháin.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go ndéantar forálacha Choinbhinsiún Bheirn maidir le stádas cosanta an mhic tíre a thrasú i ndlí an Aontais leis an Treoir maidir le Gnáthóga, is iomchuí aon athrú ar chosaint an speicis sin a ionchorprú sa Treoir maidir le Gnáthóga trí Threoir leasaitheach, tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

### 3. EILIMINTÍ EILE

- Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Ní dhéanann an togra seo difear d'fhorálacha faireacháin agus tuairiscithe na Treorach maidir le Gnáthóga.

- Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Leagtar amach in Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga toirmisc a bhaineann le gabháil nó marú d'aon ghnó, cur isteach d'aon ghnó, agus meath nó scriosadh láithreacha pórúcháin nó láithreacha scíthe. Leis an leasú seo, scoirfeadh an dianchosaint sin d'fheidhm a bheith aici maidir leis an mac tíre.

Ina dhiaidh sin, bheadh an mac tíre faoi réir na cosanta a leagtar amach in Airteagal 14 den Treoir maidir le Gnáthóga. Le hAirteagal 14, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh gabháil san fhiántas eiseamal de speicis fána agus flóra fiáine a liostaítear in Iarscríbhinn V chomh maith lena saothrú comhoiriúnach lena gcoinneáil ar stádas caomhantais fabhrach.

Mar is amhlaidh le hAirteagal 12, féadfaidh na Ballstáit maolú ar cheanglais Airteagal 14 ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 den Treoir.

Togra le haghaidh

## TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>1</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>2</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ar na cúiseanna a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2024/2669 ón gComhairle<sup>3</sup>, chuir an tAontas togra faoi bhráid Bhuanchoiste an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa<sup>4</sup> (Coinbhinsiún Bheirn) chun leibhéal cosanta speiceas an mhic tíre a íslíú faoi Choinbhinsiún Bheirn. Ag an 44ú cruinniú a bhí ag an mBuanchoiste an 6 Nollaig 2024, d'fhormheas sé an togra ón Aontas chun an mac tíre (*Canis lupus*) a aistriú ó Fhoscibhinn II ('Speicis fána faoi dhianchosaint') a ghabhann le Coinbhinsiún Bheirn go Foscibhinn III ('Speicis fána faoi chosaint') a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Choinbhinsiún Bheirn, tháinig an t-athrú ar stádas cosanta an mhic tíre i bhfeidhm an 7 Márta 2025, 3 mhí tar éis chinneadh an Bhuanchoiste.
- (3) Is príomhionstraim í Treoir 92/43/CEE ón gComhairle<sup>5</sup> chun an dúlra a chaomhnú san Aontas, go háirithe i bhfianaise oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoi Choinbhinsiún Bheirn. Chun go ndéanfaí an t-athrú ar stádas cosanta an mhic tíre a

---

<sup>1</sup> IO C , , lch. .

<sup>2</sup> IO C , , lch. .

<sup>3</sup> Cinneadh (AE) 2024/2669 ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2024 maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscibhinní II agus III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa a leasú agus maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontas, ag an 44ú cruinniú a bheidh ag Buanchoiste an Choinbhinsiúin sin (IO L, 2024/2669, 10.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2669/oj>).

<sup>4</sup> An Coinbhinsiún maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/convention/1982/72/oj>).

<sup>5</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj>).

thrasuí i gcreat dlíthiúil an Aontais, ba cheart cinneadh an Bhuanchoiste a léiriú i dTreoir 92/43/CEE.

- (4) Chun cinneadh an Bhuanchoiste a thrasuí, is gá tagairt don mhac tíre a aistriú ó Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE go hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, rud a chuireann an mac tíre faoi réir na cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Threoir 92/43/CEE.
- (5) Is é is aidhm do Threoir 92/43/CEE rannchuidiú le háirithiú na bithéagsúlachta trí ghnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir léi.
- (6) Is ionstraim i réimse an chomhshaoil í Treoir 92/43/CEE, lena gceadaítear do na Ballstáit bearta cosanta níos déine a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach fad is atá siad ag luí leis na Conarthaí, mar a fhoráiltear in Airteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, chun críocha Threoir 92/43/CEE, tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit dianleibhéal cosanta a choinneáil ar bun le haghaidh an mhic tíre.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 92/43/CEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear Treoir 92/43/CEE mar a leanas:

in Iarscríbhinn IV, scriostar an mhír seo a leanas:

‘*Canis lupus* (seachas na líonta sin sa Ghréig lastuaidh den 39ú líne dhomhanleithid; Na líonta sin atá san Eastóin, na líonta sa Spáinn lastuaidh den abhainn Duero; Na líonta sin sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn, sa tSlóvaic agus san Fhionlainn laistigh den limistéar bainistithe réinfhianna arna sainmhíniú i mír 2 den Ghníomh Uimh. 848/90 ón bhFionlainn an 14 Meán Fómhair 1990 maidir le réinfhianna a bhainistiú)’;

in Iarscríbhinn V, an mhír seo a leanas:

‘*Canis lupus* (na líonta sin sa Spáinn lastuaidh den abhainn Duero, líonta sa Ghréig lastuaidh den 39ú líne dhomhanleithid, líonta san Fhionlainn laistigh den limistéar bainistithe réinfhianna arna sainmhíniú i mír 2 den Ghníomh Uimh. 848/90 ón bhFionlainn an 14 Meán Fómhair 1990 maidir le réinfhianna a bhainistiú, na líonta sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Eastóin, sa Pholainn agus na líonta sa tSlóvaic)’

cuirtear an méid seo a leanas ina hionad:

‘*Canis lupus*’.

#### Airteagal 2

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha reachtaíochta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [...] [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta = 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na

*Treorach seo*]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

### Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán

## **RÁITEAS REACTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

|        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |    |
|--------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 1.     | LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | 8  |
| 1.1.   | Teideal an togra/tionscnaimh .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | 8  |
| 1.2.   | Réimsí beartais lena mbaineann.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | 8  |
| 1.3.   | Cuspóirí.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | 8  |
| 1.3.1. | Cuspóirí ginearálta .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 8  |
| 1.3.2. | Cuspóirí sonracha.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | 8  |
| 1.3.3. | An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | 8  |
| 1.3.4. | Táscairí feidhmíochta.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | 8  |
| 1.4.   | Baineann an togra/tionscnaimh le: .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | 8  |
| 1.5.   | Foras an togra/tionscnaimh .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   | 9  |
| 1.5.1. | Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | 9  |
| 1.5.2. | Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. .... | 9  |
| 1.5.3. | Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | 9  |
| 1.5.4. | Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | 9  |
| 1.5.5. | Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               | 9  |
| 1.6.   | Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | 10 |
| 1.7.   | Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               | 10 |
| 2.     | BEARTA BAINISTÍOCHTA.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 12 |
| 2.1.   | Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | 12 |
| 2.2.   | Córais bainistíochta agus rialaithe .....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 12 |
| 2.2.1. | An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe .....                                                                                                                                                                                                                                         | 12 |
| 2.2.2. | Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 12 |
| 2.2.3. | Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) .....                                                                                                                                                       | 12 |



|          |                                                                                                                             |    |
|----------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 2.3.     | Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....                                                                      | 12 |
| 3.       | AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .....                                                     | 13 |
| 3.1.     | Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ..... | 13 |
| 3.2.     | An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .....                                              | 14 |
| 3.2.1.   | Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....                          | 14 |
| 3.2.1.1. | Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....                                                                     | 14 |
| 3.2.2.   | An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .....                                       | 16 |
| 3.2.3.   | Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin .....                                            | 18 |
| 3.2.3.1. | Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....                                                                     | 18 |
| 3.2.3.2. | Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .....                                                                         | 18 |
| 3.2.3.3. | Iomlán na leithreasuithe .....                                                                                              | 18 |
| 3.2.4.   | Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....                                                                   | 18 |
| 3.2.4.1. | Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....                                                                 | 18 |
| 3.2.5.   | Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha .....         | 19 |
| 3.2.6.   | Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .....                                                              | 19 |
| 3.2.7.   | Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....                                                                                      | 20 |
| 3.3.     | An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam .....                                                                             | 20 |
| 4.       | GNÉITHE DIGITEACHA.....                                                                                                     | 20 |
| 4.1.     | Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha.....                                                          | 20 |
| 4.2.     | Sonraí .....                                                                                                                | 21 |
| 4.3.     | Réitigh dhigiteacha.....                                                                                                    | 21 |
| 4.4.     | Measúnú idir-inoibritheachta .....                                                                                          | 21 |
| 4.5.     | Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .....                                                                        | 21 |

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*)

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An comhshaol

### 1.3. Cuspóirí

#### 1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Faoi Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine), tá an mac tíre (*Canis lupus*) liostaithe faoi láthair mar speiceas faoi dhianchosaint i bhformhór chríoch an Aontais.

Ar bhonn mionanailís ar stádas an mhic tíre san Aontas, mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2023 stádas cosanta an mhic tíre faoi Choinbhinsiún Bheirn a athrú. Ghlac an Chomhairle an togra ansin i mí Mheán Fómhair 2024.

I mí na Nollag 2024, vótáil Buainchoiste Choinbhinsiún Bheirn i bhfabhar an togra ón Aontas chun stádas cosanta an mhic tíre a oiriúnú ó ‘faoi dhianchosaint’ go ‘faoi chosaint’. Tháinig an t-athrú i bhfeidhm an 7 Márta 2025, i gcomhréir leis an nós imeachta a shainítear in Airteagal 17 de Choinbhinsiún Bheirn.

Is é is aidhm don tionscnamh seo stádas cosanta an mhic tíre faoin Treoir maidir le Gnáthóga le haghaidh Bhallstáit uile an Aontais a ailíniú leis an stádas leasaithe faoi Choinbhinsiún Bheirn, rud a fhágfaidh gur ‘faoi chosaint’ seachas ‘faoi dhianchosaint’ a bheidh sa stádas sin.

#### 1.3.2. Cuspóirí sonracha

##### Cuspóir sonracha

Stádas cosanta an mhic tíre faoin Treoir maidir le Gnáthóga le haghaidh Bhallstáit uile an Aontais a ailíniú leis an stádas leasaithe faoi Choinbhinsiún Bheirn, rud a fhágfaidh gur ‘faoi chosaint’ seachas ‘faoi dhianchosaint’ a bheidh sa stádas sin.

#### 1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leasú ar Iarscríbhinní IV agus V den Treoir maidir le Gnáthóga, rud a athróidh stádas cosanta an mhic tíre.

#### 1.3.4. Táscairí feidhmíochta

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Leasú Iarscríbhinn IV agus V le haghaidh an mhic tíre (*Canis lupus*).

### 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

**X beart nua**

- ☐ beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart<sup>6</sup>
- ☐ síneadh ar bheart atá ann cheana
- ☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

- 1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ní bhaineann le hábhar

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Ní bhaineann le hábhar

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní bhaineann le hábhar

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Gan impleachtaí buiséadacha

- 1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Gan impleachtaí buiséadacha

<sup>6</sup> Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**X tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme<sup>7</sup>**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag

<sup>7</sup>

Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais:  
<https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>.

comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

|                              |
|------------------------------|
| Gan impleachtaí buiséadacha. |
|------------------------------|

## **2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

### **2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Ní bhaineann le hábhar

### **2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe**

- 2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ní bhaineann le hábhar

- 2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ní bhaineann le hábhar

